**An cheist a tharchuirtear:**

An gcaithfear Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ([1]) a léiriú sa chaoi go bhfuil ann do chomhaontú i scríbhinn de pháirt an phaisinéara maidir le haisíoc chostais an ticéid, de réir bhrí an chéad fhleasca d'Airteagal 8(1)(a) den Rialachán sin, i bhfoirm dearbhán taistil i gcás ina roghnaíonn an paisinéir dearbhán den sórt sin ar shuíomh idirlín an aeriompróra oibriúcháin, lena n-eisiatar aisíoc chostas an ticéid níos déanaí in airgead, agus ina bhfaigheann sé an dearbhán trí ríomhphost, cé nach bhfuil aisíoc chostas an ticéid in airgead indéanta go dtí go bhfuil teagmháil déanta leis an aeriompróir oibriúcháin?

([1]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Steinfurt (an Ghearmáin) a taisceadh an 14 Feabhra 2023 – UE v Deutsche Lufthansa AG

**(Cás C-78/23, Deutsche Lufthansa)**

(2023/C 189/16)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Steinfurt

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* UE

*Cosantóir:* Deutsche Lufthansa AG

**An cheist a tharchuirtear**

An gcomhlíontar na ceanglais shubstainteacha maidir le "fógra cealúcháin" de réir bhrí Airteagal 5(1)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ([1]) le fógra maidir le hathrú áirithinte ina bhfuil an fhoclaíocht arna leagan amach thíos agus liosta ina dhiaidh sin de chéimeanna na n-eitiltí isteach agus amach atá fágtha fós sa deimhniú áirithinte?

"Athrú áirithinte

[Ainm an aeriompróra] Cód áirithinte: […]

(Áirithint a bhreathnú/a bhainistiú)

A chustaiméir, a chara,

Mar gheall ar ghéarchéim an choróinvíris, tá gá fós le hathruithe inár sceideal eitilte. Dá réir sin, tá athruithe déanta freisin ar an áirithint atá agat.

D'iarramar an nasc is fearr atá ann a aimsiú duit agus iarraimid ort an áirithint leasaithe atá agat a sheiceáil. Tá na heitiltí go léir atá fágtha i do thuras liostaithe; níl eitiltí a cuireadh ar ceal le feiceáil."

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).